



Plean Gníomhartha um
Sheirbhís do Chustaiméirí

2005/07



THE DEPARTMENT OF
AGRICULTURE & FOOD
AN ROINN TALMHAÍOCHTA AGUS BIA

Clár

Réamhrá ón Aire	2
Réamhrá ón Ard-Rúnaí	3
Ról na Roinne Talmhaíochta agus Bia	4
Ráiteas Straitéise	4
Pleananna Gnó	4
Struchtúr agus Soláthar Foirne	4
Dilárú Breise Pleanálte	5
Custaiméirí	5
Seirbhísí	5
Comhlachtaí Stáit	5
Caighdeán ár Seirbhísí agus Saincheisteanna Gaolmhara	6
An Roinn Talmhaíochta agus Bia – Cairt do Chustaiméirí	6
Caighdeán na Seirbhíse atá Bear taithe againn a Sholáthar	6
Uaireanta an Chloig Oscailte	7
Foinsí Faisnéise	7
Ár Láithreán Gréasáin: www.agriculture.gov.ie	7
Saoráil Faisnéise	8
Teicneolaíocht na Faisnéise	8
Ról an Chustaiméara maidir le Seirbhís ar Ardchaighdeán a Chinntiú	8
Nósanna Imeachta um Ghearáin – Foirmiúil agus Neamhfhoirmiúil	8
Achomhairc Thalmhaíochta	9
Achomhairc Foraoiseachta	9
An tOmbudsman	9
Comhchomhairle agus Measúnú	9
Plean Gníomhartha um Sheirbhís do Chustaiméirí 2005-2007	10
Prionsabail na Seirbhíse ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí	10
Caighdeán na Seirbhísí ar Ardchaighdeán	10
Comhionannas/Éagsúlacht	10
Rochtain Fhisiciúil	10
Faisnéis	11
Tráthúlacht agus Cúir téis	11
Gearáin	12
Achomhairc	13
Comhchomhairle agus Measúnú	15
Rogha	15
Comhionannas Teangacha Oifigiúla	16
Comhordú Níos Fearr	16
An Custaiméir Inmheánach	16
Aguisíní	19
Aguisín I Spriocanna Cinntí nó Íocaíochta	19
Aguisín II Feidhmeanna na gComhlachtaí Stáit faoi Choimirce na Roinne	30
Aguisín III Cén chaoi a rachaidh tú i dteagmháil leis an Roinn	31



Réamhrá ón Aire

Tá áthas orm Cairt agus Plean Gníomhartha Seirbhís do Chustaiméirí na Roinne a fhoilsiú mar go léiríonn sé tiomantas láidir agus leanúnach maidir le caighdeán na seirbhíse a thugtar dá custaiméirí a fheabhsú. Leanann an tiomantas seo ar aghaidh ó phleananna roimhe seo a rinneadh faoi Thionscnamh Seirbhíse ar Ardchaighdeán an Rialtais do Chustaiméirí a glacadh i mí Iúil 2000 chun spriocanna a leagan síos i seirbhís do chustaiméirí agus léiríonn sé cén chaoi a dtabharfaidh sé éifeacht phraiticiúil d'fheabhas dá chustaiméirí ar fad. Mar gheall go bhfuil Cairt Seirbhíse do Chustaiméirí ann anois don chéad uair tá sé an-suntasach go leagann sé amach leibhéal na seirbhíse is féidir a fháil ón Roinn.

Léiríonn na pointí gníomhartha leagtha amach sa phlean an bealach ina ndéanfar seirbhís chothrom, éifeachtach agus chúirtéiseach a sholáthar agus a fheabhsú nuair is féidir. Tugaim faoi deara go bhfuil spriocanna sonracha seachadta sa phlean do go leor earnálacha. Trí Aonad ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí a úsáid leanfaidh an Roinn le seachadta seirbhíse a mhaoirsiú agus a fheabhsú. Déanfar fócasghrúpaí aiseolais custaiméirí de chustaiméirí aonair agus comhlachtaí ionadaíoch, mar aon leis an gCoiste Monatóireachta maidir leis an bPrótacal d'Íocaíochtaí Díreacha do fheirmeoirí agus an Painéal chun dul i gcomhair le Tomhaltóirí a úsáid chun comhrá a mbaineann brí leis a chinntiú.

Déanfar dul chun cinn faoi Phrionsabail an Rialtais maidir le Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí a mhaoirsiú ar feadh trí bliana den phlean seo agus mothaimse go mbeidh éifeachtacht níos fearr mar thoradh ar chomhchomhairle le gach páirtí in earnáil na talmhaíochta i seachadadh seirbhísí don tionscal agus do shocháí na tuaithe. Ba mhaith liom a mheabhrú d'fhoireann na Roinne sa tréimhse seo atá ag athrú go mór, mar chustaiméirí inmheánacha den Roinn a bhfuil meas orthu, tabharfar an tacaíocht chuí dóibh agus rachfar i gcomhairle leo maidir le saincheistanna seachadta seirbhíse.

Táim ag súil le ardchaighdeán seirbhíse a chothú dóibh siúd ar fad bainteach le Talmhaíocht agus táim tiomanta amhlaidh.

Mary Coughlan



John Browne
Aire Stáit



Brendan Smith
Aire Stáit



Réamhrá ón Ard-Rúnaí

Is é seo an tríú Plean Gníomhartha maidir le Seirbhís do Chustaiméirí 2005-2007 curtha le chéile ag an Roinn faoi théarmaí Thionscnamh Seirbhíse ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí 1998 agus clúdaíonn an tréimhse 2005-2007. Tá an caighdeán feabhais do sheachadadh seirbhíse do gach custaiméirí de chuid na Roinne leagtha amach sna pleananna leanúnacha, mar aon le bealaí chun na caighdeáin seo a bhaint amach agus na hamscálaí comhaontaithe mar is cuí.

Léiríonn Cairt Seirbhíse do Chustaiméirí forbairt shuntasach bhreise i bhfeabhas leanúnach na seirbhísí dá gcustaiméirí. Léiríonn sé sonraí an chaighdeáin seirbhíse le soláthar sna trí bliana atá clúdaithe ag an bplean.

Aithnítear go bhfuil prionsabail na Seirbhíse ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí riachtanach do gach gníomhaíocht sa Roinn. Tá tiomantas láidir do na prionsabail seo inár ráiteas Straitéise a leagann síos na spriocanna don Roinn. Tá QCS san áireamh sna Pleananna Earnála Gnó a chuirtear amach gach bliain faoi théarmaí Ráiteas Straitéis na Roinne. Leanfaidh an Painéal Comhchomhairle tomhaltóirí agus na Painéil Custaiméirí Réigiúnacha leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil a mhaoirsiú chun iad a fheabhsú.

Leanfar lenár bhfoireann a chur ar an eolas maidir le prionsabail na Seirbhíse ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí atá lárnach sa déileáil atá acu le gach custaiméir. Feictear iad féin, cé go bhfuil siad ag cur seirbhís ar fáil, mar chustaiméirí inmheánacha na Roinne agus tabharfar tacaíocht agus comhairle leo i ndáil leis an tseirbhís a chuireann siad ar fáil a sheachadadh. Gné riachtanach dár bplean an maoirsiú agus feabhsú a dhéanann siad ar an tseirbhís a chuireann siad ar fáil.

Faoin bPlean Gníomhartha seo táimid tiomanta don chaighdeán is airde a sheachadadh. Táimid muiníneach le comhoibriú fhoireann agus chustaiméirí na Roinne gur féidir na spriocanna uailmhianacha a bhaint amach.

Tom Moran

Ról na Roinne Talmhaíochta agus Bia

Ráiteas Straitéise

Leagann an Ráiteas Straitéise 2003-2005 amach misean agus luachanna na Roinne mar aon le spriocanna agus straitéisí a chur i bhfeidhm.

Is é an Misean atá againn

Treoir a thabhairt d'fhorbairt inmharthana earnáil iomaíoch, bia talmhaíochta dirithe ar chustaiméirí agus cur le gilleagar agus sochaí beomhar tuaithe.

Chun an Misean seo a chur i gcrích táimid ag iarraidh:

- Na caighdeáin is airde de shábháilteacht bia, cosaint tomhaltóirí, sláinte agus leas ainmí agus sláinte plandaí a chinntiú
- Cur le rannpháirteachas na n-earnálacha talmhaíochta, foraoiseachta agus bia don gilleagar náisiúnta agus forbairt shóisialta
- Cur le gníomhartha leathana gníomhaireachtaí poiblí agus eile chun tacaíocht a thabhairt do gilleagar tuaithe inmharthana
- Córais inmharthana talmhaíochta, foraoiseachta agus táirgeadh bia neamhdhiobhálach don timpeallacht a chur chun cinn chun an timpeallacht nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú
- Seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar dár gcustaiméirí ar fad, inmheánach agus seachtrach, i gcomthéacs comhpháirtíochta agus oscailteachta
- Na caighdeáin is airde is féidir de rialáil chorparáideach agus cuntasacht a bhaint amach
- Réimse gníomhaíochtaí chun tacú lenár misean a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm

Luachanna

Chun an Misean seo a bhaint amach cloimid le luachanna earnála poiblí, mar seo a leanas:

- Iompar eiticíúil, cothrom agus neamhchlaonta agus meas ar chomhionannas
- A bheith dúthrachtach, dian agus críochnúil
- Feidhmiú ag na caighdeáin is airde éifeachtachta agus cuntasachta
- A bheith oscailte agus cuntasach agus a aithint go bhfeastalaimid ar mhuintir na tíre seo
- Comhpháirtíocht a chur chun cinn trí chomhchomhairle le, agus meas ar ár bhfoireann agus ár gcustaiméirí ar fad
- Leanúint lenár n-acmhainní, córais agus struchtúir a mheasúnú chun dea-chleachtas a chinntiú

Tá tiomantas láidir inár Ráiteas Straitéise do phrionsabail na Seirbhíse ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí (QCS) a chur i bhfeidhm. Ceann de na príomhspríocanna ná:

Ár n-acmhainní daonna agus fisiciúla agus ár gcumais feidhmíochta a fhorbairt agus seachadadh seirbhíse ar ardchaighdeán dár gcustaiméirí, inmheánacha agus seachtracha a chinntiú.

Pleananna Gnó

Agus 65 Plean Gnó Earnála na Roinne á n-ullmhú, go háirithe aird a thabhairt ar saincheist na Seirbhíse ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí. Tá spriocanna a foilsíodh sa Phrótocal ar Íocaíochtaí Direacha d'Fheirmeoirí agus sa Plean seo curtha san áireamh mar tháscairí feidhmíochta sna pleananna gnó. Cinntíonn sé seo go bhfuil feasacht ag foireann i ngach leibhéal den eagraíocht ar GCS agus go bhfuil siad ag oibriú go leanúnach i dtreo seirbhíse ar ardchaighdeán a sheachadadh trí na spriocanna seo a chomhlíonadh.

Struchtúr agus Soláthar Foirne

At os cionn 4,580 duine ag obair sa Roinn, agus 75% acu siúd ag obair taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath in ionaid réigiúnacha, chontae agus áitiúla.

In 2001 cuireadh struchtúr nua i bhfeidhm sa Roinn chun solúbthacht agus inniúlacht eagraíochtúil a fheabhsú, agus mar thoradh air sin tá beartas deighilte ó oibríochtaí i roinnt réimsí agus ailiniú feidhmeanna do shocruithe tuairiscithe.

Rinneadh feabhas struchtúrtha freisin i réimsí nua oibre a bhunú agus i réimsí eile a láidriú. Tá 4 Ghrúpa sa struchtúr nua seo:

- Beartas
- Sábháilteacht agus Táirgeadh Bia
- Íocaíochtaí Talmhaíochta
- Forbairt Chorparáideach

Tá 11 aonad iontu seo agus comhalta den Choiste Comhairleach Bainistíochta i gceannas ar gach aon cheann acu. Éascaíonn an struchtúr seo réimse gaolmhara oibre a chomhordú, rud atá tábhachtach mar go mbíonn baint ag go leor saincheistean a thagann aníos le réimse feidhmeannach éagsúla agus teastaíonn comhordú leathan ón Roinn.

Mar gheall air sin tá 65 Earnáil agus Ceannaire orthu ar fad, i.e. Príomhoifigeach, Cigire Sinsearach, Cigire Tréidliachta Sinsearach Stiúrtóireachta, Oifigeach Sinsearach Taighde Stiúrtóireachta, Ceannaire an Aonaid Dlí nó Stiúrtóir an Iníuchta Inmheánaigh.

Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin tá 85 grád éagsúil sa Roinn, rud a léiríonn go bhfuil réimse gníomhaíochtaí faoinár gcúram agus go bhfuil éagsúlacht scileanna ar fáil.

Dílárú Breise Pleanáilte

Mar chuid de thionscnamh dílárú an Rialtais, tá Plean Feidhmíthe Dílárú curtha le chéile ag an Roinn rud a dhéanann ullmhú do phlean sonracha oiliúna dóibh siúd a thosaíonn sa Roinn mar gheall ar dhílárú. Cinnteoidh an Roinn, cibé cén sócrú a dhéanfar chun obair agus freagrachtaí a thógáil ón seanfhoireann agus a thabhairt don fhoireann nua, go gcoimeádfar creidiúlacht na Roinne lena custaiméirí i gcónaí.

Custaiméirí

Tá go leor custaiméirí ag an Roinn agus iad éagsúil. Go seachtrach tá idir fheirmeoirí, iad siúd páirteach i dtionscal na foraoiseachta agus na talmhaíochta bia agus tomhaltóirí, grúpaí leasa speisialta agus daoine ina gcónaí faoin tuath ina measc chomh maith le Ranna eile Rialtais agus Institiúidí AE. Atá ionadaíocht thar cionn ag roinnt acu seo sa tionscal talmhaíochta bia agus eagraíochtaí eile, atá páirteach in idirbheartaíochtaí leanúnacha agus comhchomhairle leis an Roinn taobh istigh de chreat an Chláir Chomhpháirtíochta *'Dul Chun Cinn a Choithú'*.

Faigheann daoine eile, cosúil le tomhaltóirí, ionadaíocht ar ár bPainéal Comhchomhairle Tomhaltóirí, agus go hiondúil, téitear i gcomhairle go rialta le custaiméirí trí shuirbhéanna, painéil custaiméirí agus úsáid Cártaí Tuairimí do Chustaiméirí.

De réir spiorad phrionsabal QCS an Chustaiméara Inmheánaigh, aithníonn an Roinn go gcaithfear an tacaíocht is fearr is féidir a thabhairt do na comhaltaí foirne, lena n-áirítear cóiríocht oifige, saoráidí, agus córais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (ICT), faisnéis thráthúil, comhairle agus seirbhísí oiliúna, chun a chur ar a gcumas seirbhís thar cionn a sheachadadh dár gcustaiméirí seachtracha. Leanfar le nósanna imeachta a fhorbairt chun a chinntiú go mbeidh an tacaíocht chuí ag an bhfoireann agus go rachfar i gcomhairle leo maidir le saincheistanna seachadta seirbhísí.

Táimid tiomanta do sheirbhís a chur chun cinn atá inrochtana agus oiriúnach do gach custaiméir agus a fheileann riachtanais na ngrúpaí áirithe custaiméirí faoi reachtaíocht chomhionannais.



Seirbhísí

Ar na seirbhísí a chuireann an Roinn ar fáil tá iocaiochtaí díreacha d'fheirmeoirí, bearta tacaíochta margaidh agus leas agus sláinte ainmhí a chur chun cinn, táirgeadh barra, forbairt tuaithe agus sábháilteacht bia. At liosta de na príomhscéimeanna agus seirbhísí ar fáil sa leabhrán dar teideal *'Scéimeanna agus Seirbhísí'* atá ar fáil saor in aisce ónár n-oifigí poiblí ar fad.

Comhlachtaí Stáit

Is iad na Comhlachtaí Stáit atá faoi chúram na Roinne ná:

- An Bord Bia
- An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne.
- Cuideachta Náisiúnta Graí na hÉireann Teoranta.
- Teagasc
- Coillte Teoranta
- COFORD

Tá feidhmeanna agus sonraí teagmhála na gcomhlachtaí seo leagtha amach in Aguisín II.

An Roinn Talmhaíochta agus Bia Cairt do Chustaiméirí

Táimid tiomanta don tseirbhís is tráthúil, éifeachtach agus cúirtéiseach is féidir a sholáthar dá gcustaiméirí. Tá treoir ag ár ngníomhartha ó na Prionsabail maidir le Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí a leag an Rialtas amach in Iúil 2000.

Sa chomhthéacs sin, lorgóimid:

- Faisnéis chuimsitheach a sholáthar ar bhealach éasca le húsáid ar gach scéim agus seirbhísí againn agus tairgfidh siad cúnaimh do chustaiméirí chun tuiscint a fháil ar na téarmaí agus coinníollacha cuí agus iad a chomhlíonadh
- Dul i gcomhairle lenár gcustaiméirí ar bhonn rialta ar an mbealach, an uair agus an áit a mbeidh na scéimeanna agus seirbhísí sin curtha ar fáil
- Spriocanna réadúla a féidir a bhaint amach a leagan síos do sheachadadh seirbhíse a thiocfaidh le hionchais ár gcustaiméirí
- Maoirsiú a dhéanamh ar fheidhmíocht in aghaidh baint amach na spriocanna sin
- A chinntiú go gcothófar na nósanna imeachta um Achomhairc
- A chinntiú go gcothófar na nósanna imeachta um Ghearáin

Tá sé beartaithe againn caitheamh le gach custaiméir go cothrom chun glacadh le héagsúlacht.

Tá sé beartaithe againn freisin leanúint lenár mbeartas áiseanna na hoifige a fheabhsú chun, nuair is féidir, rochtain fhísiciúil ar ardchaighdeán a sholáthar de réir cheanglais na ndaoine le riachtanais speisialta.

Beimid gníomhach inár n-iarrachtaí a chinntiú go dtabharfar an caighdeán céanna seirbhíse dóibh siúd a éilíonn seirbhís trí Ghaeilge.

Sa Chairt seo, leagaimid amach an méid seo a leanas:

- Caighdeán an seirbhíse atá uainn a sholáthar ar an teileafón, trí chomhfhreagras scríofa, ónár nOifigí Poiblí agus in iarratais ar scéimeanna agus seirbhísí a phróiseáil

- Uaireanta oscailte ár n-oifigí
- Foinsí faisnéise obair na Roinne
- An méid atá le fáil ar ár Láithreán Gréasáin
- An bealach chun rochtain a fháil ar tháirgí faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise
- Forbairtí i dTeicneolaíocht Faisnéise
- Do ról maidir le caighdeán ár seirbhíse a chinntiú
- Ár nós imeachta um Ghearáin Chustaiméirí (lena n-áirítear sonraí teagmhála ar nAonad Seirbhíse ar Ardchaighdeán) agus faisnéis ar an Oifig Achomharc Thalmhaíochta, Aonad Achomharc Seirbhíse Foraoiseachta agus an tOmbudsman
- Comhchomhairle lenár bhfeidhmíocht agus measúnú a dhéanamh air

Caighdeán na Seirbhíse atá Beartaithe againn a Sholáthar

Teileafón

- Uimhreacha LoCall ar fáil nuair is cuí
- Ainm agus uimhir teileafóin an oifigigh lena mbaineann
- Meon cúirtéiseach agus cabhrach
- Faisnéis chuí
- Freagra tráthúil
- Mura féidir freagra ar an bpointe a thabhairt ar an bhfiosrúchán, tógfar do chuid sonraí agus glaofar ar ais ort a luaithe is féidir
- Déileálfar le teachtaireachtaí fágtha ar áiseanna glórphost go sciobtha agus, nuair is féidir, cuirfear glaoch ar ais

Comhfhreagras (ríomhphoist san áireamh)

- Freagra a thabhairt ar chomhfhreagras ginearálta laistigh de 20 lá oibre nuair is féidir
- Nuair nach bhfuil sé seo indéanta, eiseofar litir ina mbeidh sonraí teagmhála an duine atá ag déileáil le do chomhfhreagras
- Nuair is cuí, tabharfar faisnéis a léiríonn Gearáin Chustaiméirí agus Nósanna Imeachta Achomhairc
- Sonraí teagmhála an duine atá ag déileáil le do chomhfhreagras – ainm iomlán, suíomh, uimhir teileafóin agus seoladh ríomhphoist – i litreacha agus ríomhphoist
- Teanga shoiléir, chruinn agus éasca le húsáid



Inár nOifigí Poiblí

- Comharthaí Cuí
- Áiseanna glana, sábháilte agus inrochtana
- Scuaine is lú is féidir
- Déileálfar le fiosrúcháin chomh sciobtha agus chomh héifeachtach agus is féidir
- Meas ar do phríobháideacht agus, nuair a theastaíonn, áiseanna eile ar fáil chun gur féidir gnó a réachtáil faoi rún

Agus Iarratais/Éilimh Scéime á bPróiseáil

- Déileálfar le hiarratais go leanúnach agus go neamhchlaonta de réir Théarmaí agus Coinníollacha na scéime
- Déanfar cinntí agus íocaíochtaí, a mhéid is féidir, taobh istigh de spriocam comhaontaithe
- Nuair is cuí, faisnéis ag tarraingt aird ar theorainneacha ama nó coinníollacha a d'fhéadfadh dícháiliú nó pionós a tharraingt, chun dul le foirmeacha iarratais
- Faisnéis ar na nósanna imeachta um achomhairc ar fáil mura n-éiríonn le d'iarratas nó má chuirtear pionós i bhfeidhm

Uaireanta an Chloig Oscailte

Cuireann gach Oifig Áitiúil den Roinn seirbhís ar fáil do chustaiméirí idir 9.30a.m. agus 12.30p.m. agus 2.00p.m. go 5.00pm, Luan go Aoine. Déanfar solúbthacht níos mó in uaireanta oscailte ár n-oifigí áitiúla (e.g. am Lóin, tráthnóna nuair atá éileamh ann) a scrúdú mar is cuí, i gcomhthéacs na n-imthosca athraitheacha atá ag ár gcustaiméirí.

Foinsí Faisnéise

Tá foilseacháin a thugann sonraí cuimsitheacha ár Scéimeanna agus Seirbhísí agus struchtúr agus feidhmí na Roinn ar fáil ó roinnt foinsí:

- ón Earnáil Gnóthaí Corparáideacha, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teileafón: 01 607 2802.
- trí ríomhphost ó publications@agriculture.gov.ie
- trinár láithreán gréasáin www.agriculture.gov.ie
- trinár n-oifigí poiblí



Áirítear orthu seo Scéimeanna agus Seirbhísí, Ráiteas Straitéise, Plean Gníomhartha um Sheirbhís do Chustaiméirí, Tuarascáil Bhliantúil, Tuarascáil Bhliantúil agus Tuar, Achoimre ar Staitisticí Talmhaíochta na hÉireann, Bileog Faisnéise Bhliantúil maidir le Talmhaíocht na hÉireann agus réimse leabhráin eolais/bileoga maidir le saincheisteanna éagsúla cosúil le CAP, Sábháilteacht Bia, Sláinte Ainmhithe agus Plandaí, Curaíocht agus Gortóireacht agus Treoirinte Foraoiseachta.

Tá faisnéis le fáil ar leathanach 452 de sheirbhís Aertel Teletext ar RTÉ Network 2 faoi fhorbairtí i dtalmhaíocht, cosaint tomhaltóra agus faisnéis ar dhátaí deiridh do scéimeanna éagsúla.

Leanfaimid le fógraí rialta a chur sna nuachtáin áitiúla agus náisiúnta chun tú a chur ar an eolas maidir le forbairtí sonracha inár Scéimeanna agus Seirbhísí.

Eagróimid cruinnithe breise poiblí maidir le hathruithe ollmhóra i mbearnas agus/nó oibríochtaí nuair is cuí.

Ár Láithreán Gréasáin www.agriculture.gov.ie

Tá óráidí ar fad na nAirí le fáil ar ár Láithreán chomh maith le Preasráitis ar ábhair a bhaineann le talmhaíocht a bhaineann le leas an phobail. Tá neart faisnéise maidir le Táirgeadh Talmhaíochta, Sábháilteacht Bia, an tionscal Talmhaíochta Bia, Sláinte agus Leas Ainmhithe, Íocaíochtaí Talmhaíochta, an Comhshaol agus an tSeirbhís Foraoiseachta le fáil ón leathanach baile.

Féadfaidh tú fáil amach faoi go leor ábhair speisialaithe a bhaineann le talmhaíocht ar an láithreán agus rochtain a fháil ar réimsí seirbhísí ginearálta, lena n-áirítear iad siúd a chuireann Ranna Rialtais ar fáil go ginearálta, Comhlachtaí Stáit agus eagraíochtaí cuí eile trí na naisc a chuirtear ar fáil a úsáid.

Féadfaidh úsáideoirí clárú do sheirbhísí leictreonacha reatha agus nua na Roinne cosúil le iMap, Córas Ríomhaireachta Sláinte Ainmhithe, Tréadphróifíl, Clárú Breith Laonna etc. Tríd an gcaipse seirbhísí a roghnú ar leathanach baile ar láithreán na Roinne.



Féadfaidh úsáideoirí clárú do thopaicí a bhfuil suim acu iontu chomh maith agus gheobhaidh siad ríomhphoist agus/nó teachtaireachtaí téacs (SMS) nuair a fhoilseofar faisnéis maidir leis an ábhar a roghnaigh siad.

www.agriculture.gov.ie/register.jsp

Saoráil Faisnéise

Nuair a theastaíonn rochtain uait ar tháifid atá ag an Roinn, déanfaimid ár ndícheall a mhéid is féidir a sholáthar duit. I gcás nach féidir é seo a dhéanamh, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar rochtain ar tháifid áirithe faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003. Más mian leat, féadfaidh tú dul i dteagmháil leis an Aonad um Shaoráil Faisnéise chun comhairle agus treoir a fháil maidir leis na nósanna imeachta um ghearáin:

An tAonad um Shaoráil Faisnéise
An Roinn Talmhaíochta agus Bia
Agriculture House
Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2

Teil: 01 607 2952

Ríomhphost:

FreedomOfInformation@agriculture.gov.ie

Teicneolaíocht na Faisnéise

Tá áiseanna feabhsaithe teicneolaíochta á bhforbairt agus á dtabhairt isteach an t-am ar fad chun seirbhís níos sciobtha agus níos fearr a sheachadadh. Áirítear orthu seo córais dóibh seo a leanas:

- Ainmhí a aithint agus taifead a choinneáil orthu
- Rialú Sláinte Ainmhithe
- Córas Clárú Laonna
- Tréadphróifil
- Íocaíochtaí agus Aistriú Leictreonach Airgid (EFT)
- Cuntasaíocht níos fearr – cabhraíonn le híocaíochtaí agus EFT
- Rochtain ar líne ar dháileadh talún iMAP
- Fógraí téacs Seirbhísi Gearrtheachtaireachtaí (SMS)

Ról an Chustaiméara maidir le Seirbhís ar Ardchaighdeán a Chinntiú

Tá tú in ann cabhrú linn Seirbhís ar Ardchaighdeán a sholáthar duit trí na treoirlínte simplí seo a leanas a leanúint:

- Tabhair uimhreacha tagartha, nuair is féidir, i ngach comhfhreagras agus cumarsáid leis an Roinn
- Cuir dáta ar gach comhfhreagras scríofa
- Cuir eolas maith ar théarmaí agus ar choinníollacha scéimeanna sula líonann tú amach iarratais
- Comhlíon foirmeacha go cúramach agus go soiléir
- Tabhair faisnéis chruinn agus shoiléir
- Cuir isteach gach cáipéis riachtanach
- Seiceáil go bhfuil iarratais comhlíonta go hiomlán agus sinithe
- Seol isteach iarratais in am tráth roimh an spriocam
- Faigh admháil ar phostáil
- Cinntigh go gcuirtear comhfhreagras ag an seoladh céanna
- Inis dúinn má bhíonn aon athrú in imthosca a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ár gcinneadh
- Tabhair freagra sciobtha ar aon cheist a ardaítear nó aon fhaisnéis bhreise a theastaíonn chun tacú le hiarratais

Caith lenár bhfoireann leis an leibhéal céanna cúirtéise a theastaíonn uait féin uainne.

Nósanna Imeachta um Ghearáin – Foirmiúil agus Neamhfhoirmiúil

Déanaimid iarracht i gcónaí seirbhís iontach a sholáthar dár gcustaiméirí. Mar sin féin, má tá fadhb agat leis an gcaighdeán seirbhíse a cuireadh ar fáil duit, féadfaidh tú dul i dteagmháil le hAonad na Seirbhíse ar Ardchaighdeán ar bhonn neamhfhoirmiúil, áit a bhfaighidh tú freagra sciobtha faoi rún.

Féadfaidh tú úsáid a bhaint as ár nós imeachta foirmiúil maidir le gearáin. Tá bróisiúr a leagan amach an próiseas atá ann le fáil ónár n-oifigí poiblí ar fad, ónár láithreán gréasáin www.agriculture.gov.ie/complaintsbrochure nó trí dul i dteagmháil linn ag:

Aonad na Seirbhíse ar Ardchaighdeán
An Roinn Talmhaíochta agus Bia
Agriculture House
Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2

Teileafón: 01 607 2694

LoCall: 1890 200 510 Foline 2694

Ríomhphost:

QualityServiceUnit@agriculture.gov.ie

Caithfear le gach gearán ar bhealach réadach agus neamhchlaonta. Má dhéanaimid botún nó má theipeann orainn seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar déanfaimid iarracht an cás a réiteach chomh sciobtha agus is féidir. Tabharfaimid iniú freisin agus, nuair is cuí, leithscéal.

Ní bheidh aon drochthionchar ag gearán ar an mbealach ina gcaithfidh an Roinn leat sa todhcháí.

Achomhairc Thalmhaíochta

Tabharfaimid tacaíocht iomlán don Oifig Achomharc Talmhaíochta chun seirbhís neamhspleách, inrochtana, cothrom agus tráthúil a sholáthar a chuireann ar do chumas achomharc a dhéanamh ar chinntí na Roinne seo i ndáil le scéimeanna áirithe atá liostaithe sa Sceideal a théann leis an Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001 arna leasú.

Ba chóir achomhairc a sheoladh chuig:

Oifig na nAchomharc Talmhaíochta
Cúirt Chill Dhuinsí
Port Laoise
Co. Laois

Teil: 0502 67167

LoCall: 1890 671671

Facs: 0502 67177

Ríomhphost: appeals.office@agriculture.gov.ie

Láithreán Gréasáin: www.agriappeals.gov.ie

Achomhairc Foraoiseachta

Leanfaimid le nós imeachta um ghearáin a sholáthar do chustaiméirí na Seirbhíse Foraoiseachta a chinntíonn gur féidir cinntí a dhéantar i ndáil le teidil faoi scéimeanna deontais agus préimhe na Foraoiseachta a achomharc.

Ba chóir iarratais a dhéanamh i scríbhinn, ag leagan amach cúiseanna achomharc maidir le:

Aonad na nAchomharc
An tSeirbhís Foraoiseachta
An Roinn Talmhaíochta agus Bia
Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin
Co. Loch Garman

LoCall: 1890 200 223

Facs: 053 43834

An tOmbudsman

Tá ár Nós Imeachta um Ghearáin do Chustaiméirí agus na Córais Achomharc Foraoiseachta sa bhreis ar do cheart reachtúil gearán a dhéanamh d'Oifig an Ombudsman. Mar sin féin, beidh an tOmbudsman ag súil go mbeidh gearán déanta ag an gcustaiméir ar dtús chuig an Roinn agus go mbeidh iarracht déanta aige/aici an cás a réiteach go díreach ar an mbealach seo.

Feidhmíonn an tOmbudsman go neamhspleách ón Rialtas agus soláthraíonn seirbhís chothrom, neamhchlaonta agus rúnda saor in aisce. Féadfaidh tú dul i dteagmháil leis an Ombudsman ag:

Oifig an Ombudsman
18 Sráid Chill Mochargán Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

Teil: 01 639 5600

LoCall: 1890 22 30 30

Facs: 01 639 5674

Ríomhphost: ombudsman@ombudsman.gov.ie

Láithreán Gréasáin: www.ombudsman.ie

Comhchomhairle agus Measúnú

Rachaimid i gcomhairle lenár gcustaiméirí ar bhonn rialta agus déanfaimid measúnú ar ár bhfeidhmíocht i gcoinne na Cairte seo agus ár bPlean Gníomhartha um Sheirbhís do Chustaiméirí:

- Maoirsiú ar ár bhfeidhmíocht i gcoinne gealltanais leagtha amach sa dá chapéis
- Gearáin déanta leis an Aonad Seirbhíse ar Ardchaighdeán a Athbhreithniú
- Cártaí Tuairimí a sholáthar ag ár nOifigí Áitiúla
- Fócasghrúpaí réigiúnacha a eagrú
- Suirbhéanna a dhéanamh mar is cuí

Déanfar meascán acu seo gach bliain agus foilseofar na torthaí inár dTuarascáil Bhliantúil agus ar ár Láithreán Gréasáin.

An Roinn Talmhaíochta agus Bia
Agriculture House
Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2

Teil: **01 607 2000**

Láithreán Gréasáin: www.agriculture.gov.ie

Plean Gníomhartha um Sheirbhís do Chustaiméirí 2005-2007

Prionsabail na Seirbhíse ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí

Clúdaíonn prionsabail na Seirbhíse ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí réimse leathan topaicí ó Chomhionannas agus Éagsúlacht go comhordú idir na Ranna Rialtais. Leagann an chuid seo amach an bealach a ndéanaimid mar Roinn gach prionsabal a chur i bhfeidhm agus tógann ansin ar ghealltanais tugtha i bPleananna Gníomhartha um Sheirbhís do Chustaiméirí agus ar gCairt do Chustaiméirí roimhe seo.

Caighdeáin na Seirbhísí ar Ardchaighdeán

Ráiteas a fhoilsiú a thugann cuntas gearr ar chineál agus ar chaighdeán na seirbhíse is féidir le custaiméirí a bheith ag súil leis, agus é sin a chur ar taispeáint go soiléir ag pointe seachadta na seirbhíse.

Tá Cairt do Chustaiméirí foilsithe ag an Roinn agus tá sí tiomanta don Chairt a chur i bhfeidhm a leagann amach go soiléir leibhéal agus caighdeán na seirbhíse is féidir leis an bpobal a bheith ag súil leis ón Roinn. Ar mhaithe le háisiúlacht tá an Chairt leagtha amach ar leathanaigh 8-13 den fhoilseachán seo chomh maith.

Pointí Gníomhartha

- Feasacht ar ár gCairt do Chustaiméirí a chur chun cinn agus a chruthú inár n-oifigí poiblí
- Cur i bhfeidhm na gcaighdeán leagtha amach sa Chairt a mhaoirsiú agus tuairisc a thabhairt gach bliain ar na caighdeáin seo i dTuarascáil Bhliantúil na Roinne
- Dóthain cóipeanna dár gCairt do Chustaiméirí agus Plean Gníomhartha um Sheirbhís do Chustaiméirí 2005-2007 a bheith ar fáil inár n-oifigí poiblí
- A chinntiú go gcuirfidh an fhoireann ár dtiomantas do QCS agus ár bhfoilseacháin in iúl do chustaiméirí



Comhionannas/Éagsúlacht

Na cearta maidir le cóireáil chomhionann arna mbunú ag reachtaíocht chomhionann a chinntiú agus freastal ar an éagsúlacht chun cur leis an gcomhionannas do na grúpaí arna gclúdach ag an reachtaíocht chomhionann (faoi fhorais a bhaineann le hinscne, le stádas pósta, le claonadh gnéis, le creideamh reiligiúnach, le haois, le míchumas, le cine agus le comhaltacht den Lucht Siúil).

Bacainní ar rochtain ar sheirbhísí do dhaoine faoi bhochtanas agus eisiámh sóisialta, agus dóibh sin a bhfuil bacainní geografacha lena rochtain ar sheirbhísí, a aithint agus obair a dhéanamh chun fáil réidh leo.

Rinne an Roinn iarracht i gcónaí caithfidh le gach custaiméir go cothrom, ag cur éagsúlacht san áireamh mar is cuí. Leanfaimid leis sin a dhéanamh, le tagairt ar leith don phrionsabal seo. Lorgóimid, tríd an bpróiseas comhchomhairle, bacainní roimh chustaiméirí ag iarraidh ár seirbhísí a úsáid a aithint agus gníomh a dhéanamh chun iad sin a scriosadh.

Deimhníonn an Straitéis Acmhainne Daonna don Roinn ár dtiomantas do chustaiméirí inmheánacha. Tá sé mar sprioc lárnach aige comhionannas a chur i bhfeidhm i ngach gné d'obair na Roinne.

Pointí Gníomhartha

- Caitheamh le custaiméirí go cothrom agus oibriú i dtreo bacainní a scriosadh de réir mar a aithnítear iad
- Comhairle a chur ar ár gcustaiméirí go bhfuil faisnéis ar Chomhionannas/Éagsúlacht ar fáil go réidh ar láithreán gréasáin an Údaráis Chomhionannais: www.equality.ie
- Ár Straitéis Acmhainne Daonna a chur i bhfeidhm go gníomhach agus aird ar leith a thabhairt ar an tiomantas Comhionannais/Éagsúlachta

Rochtain Fhisiciúil

Oifigí poiblí glana, inrochtaine a chinntíonn comharthaí cuí, príobháideachas, a thagann le caighdeáin ghairme agus sábháilteachta a sholáthar agus, mar chuid de sin, rochtain a éascú do dhaoine atá faoi mhíchumais agus do daoine eile a bhfuil riachtanais shonracha ag baint leo.



Tá oifigí poiblí na Roinne liostaithe le seoladh iomlán agus sonraí teileafóin in Aguisín III.

Tá beartas gníomhach Sláinte agus Sábháilteachta ag an Roinn. An cuspóir atá againn ná ionad oibre sábháilte gan timpiste a bheith againn don fhoireann agus do chustaiméirí.

Pointí Gníomhartha

- Dul i gcomhairle le custaiméirí maidir lena riachtanais
- Iníúchadh leanúnach a dhéanamh ar na hoifigí chun rochtain fhisiciúil éasca a chinntiú
- Leanúint le hoiliúint Sláinte agus Sábháilteachta a chur ar fhoireann de réir mar a theastaíonn faoi reachtaíocht

Faisnéis

Cur chuige forghníomhach a ghlacadh maidir le heolas atá soiléir, tráthúil agus cruinn a sholáthar ag gach pointe teagmhála agus a thagann le ceanglais daoine lena mbaineann riachtanais shonracha. A chinntiú go mbainfear an leas is fearr as acmhainn na Teicneolaíochta Faisnéise agus go dtiocfaidh an t-eolas a bheidh ar fáil ar láithreáin ghréasáin seirbhísí poiblí le treoirlínte maidir le foilseacháin ar an ngréasán domhanda.

Leanúint ar aghaidh ag iarraidh rialacha, rialacháin, foirmeacha, bileoga eolais agus nósanna imeachta a shimpliú.

Tá an Roinn tiomanta d'fhaisnéis a thabhairt dá gcustaiméirí atá soiléir, cruinn agus tráthúil. Leanfar le cruinnithe Faisnéis Poiblí a thionól, mar is cuí, chun custaiméirí a choinneáil ar an eolas i ndáil le scéimeanna nua nó athruithe móra ar scéimeanna reatha rite ag an Roinn. Déanfar foirmeacha, treoirlínte, bileoga cabhracha agus leabhráin eolais a athbhreithniú go rialta chun iad a choinneáil simplí, soiléir agus chomh héasca le líonadh agus is féidir.

Pointí Gníomhartha

- Foilseacháin shuntasacha na Roinne a athbhreithniú chun oiriúnacht agus cruinneas a chinntiú
- Leaganacha reatha de na foilseacháin seo a chur ar fáil ar ár n-oifigí poiblí, ar iarratas, agus ar ár láithreán gréasáin
- Leanúint le cáipéisí a sholáthar sna formáidí a theastaíonn ó dhaoine le riachtanais speisialta, de réir mar a theastaíonn siad
- An fhaisnéis a scaipeadh go héifeachtach ar ár gcustaiméirí trí úsáid fhorleathan agus éifeachtach ar chumarsáid nua-aimseartha lena n-áirítear teilitéacs, na meáin, láithreán gréasáin agus teachtaireachtaí téacs
- Cead a thabhairt do chliant clárú le haghaidh rochtain ar sheirbhísí leictreonacha na Roinne cosúil le mapáil idirlín, Clárú Laonna, Tréadphróifil etc.
- Cruinnithe eolais poiblí a eagrú do chustaiméirí de réir mar a theastaíonn
- Leanúint le dul i gcomhairle le grúpaí ionadaíochta custaiméirí cuí chun ábhar a bhaineann le scéimeanna cosúil le foirmeacha agus bileoga cabhracha a dhéanamh chomh héasca le húsáid agus is féidir
- Dul i gcomhairle le custaiméirí i rith an Phlean seo faoina dtaithe agus iad ag fáil rochtana ar an bhfaisnéis a thugtar agus feabhas a chur i bhfeidhm nuair a theastaíonn
- Seastáin a chur isteach i níos mó Oifigí Áitiúla chun rochtain in aisce a thabhairt do chliant ar láithreáin ghréasáin an Rialtais agus ghaolmhara

Tráthúlacht agus Cúirtéis

Seirbhísí ar ardchaighdeán a sheachadadh faoi chúirtéis, faoi iogaireacht agus faoin moill is lú, agus ar an tslí sin tuiscint an chóimheasa idir an soláthróir agus an custaiméir a chothú.

Ainmneacha teagmhála a thabhairt i ngach cumarsáid le hidirbhearta a éascú ar bhonn leanúnach.

Lorgóimid ár seirbhísí a sheachadadh ar bhealach cúirtéiseach agus meas a chothú idir an fhoireann agus na custaiméirí. Beimid airdeallach ar riachtanais ár gcustaiméirí.

Pointí Gníomhartha

- Gach scéim agus seirbhís againn a sholáthar taobh istigh den amchlár leagtha amach in Aguisín I den Phlean seo
- Oiliúint ar Sheirbhís do Chustaiméirí a athbhreithniú i gcomhar leis an bhfoireann agus nuashonrú scileanna cuí a sholáthar nuair a theastaíonn



- Ár bfeidhmíocht a mheas maidir le caighdeán na seirbhíse atá geallta againn a sholáthar do chustaiméirí ar an teileafón, i gcomhfhreagras, inár n-oifigí poiblí agus in Iarratais Scéime agus Éilimh mar a leagtar amach iad sa Chairt do Chustaiméirí a phróiseáil
- Caighdeán na seirbhíse a athbhreithniú agus a fheabhsú nuair is cuí

Gearáin

Córas a bhfuil bolscaireacht mhaith déanta air, atá inrochtaine agus trédhearcach agus atá éasca le húsáid a chothabháil chun déileáil le gearáin faoi chaighdeán na seirbhíse a soláthraítear.

Féadfar Nós Imeachta um Ghearáin Chustaiméirí na Roinne a úsáid i gcás go mbeidh custaiméir míshásta le caighdeán na seirbhíse a fhaigheann sé/sí nuair a bheid sé/sí ag déileáil leis an Roinn. Ba chóir Nós Imeachta Achomharc na Seirbhíse Foraoiseachta agus na Talmhaíochta, a bhfuil cur síos orthu sa chéad chuid eile, a úsáid má bhíonn custaiméir míshásta le cinneadh a dhéantar i ndáil le hiarratas.

Tá bileoga a léiríonn Nós Imeachta um Ghearáin Chustaiméirí ar fáil inár n-oifigí poiblí ar fad, agus cuirfidh an fhoireann comhairle ar chustaiméirí a chuireann míshástacht in iúl le caighdeán na seirbhíse maidir lena gceart gearán a dhéanamh agus cén chaoi é a dhéanamh. Tá sé mar bheartas againn déileáil le gearáin go dáiríre agus go sciobtha ar bhealach neamhchlaonta agus báúil. Féadfar gearáin a dhéanamh i bpearsan, ar an teileafón, i litir nó i ríomhphost agus ba chóir iad a dhéanamh ar dtús trí dhul i dteagmháil leis an oifigeach atá i gceannas ar an gceantar lena mbaineann an gearán.

Má tá tú míshásta leis an toradh nó má bhíonn moill i réiteach a fháil ar do ghearán, féadfaidh tú an cás a bhrú ar aghaidh trí ghearán foirmiúil a dhéanamh leis an Oifigeach um Sheirbhís ar Ardchaighdeán ag:

Aonad na Seirbhíse ar Ardchaighdeán
An Roinn Talmhaíochta agus Bia
Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2

Teil: 01 607 2694

LoCall: 1890 200 510 Fólíne 2694

Ríomhphost: QualityServiceUnit@agriculture.gov.ie

Déileálfadh an tAonad um Sheirbhís ar Ardchaighdeán le gearáin fhoirmiúla mar seo a leanas:

- Déanfar gach gearán a thairfead nuair a gheofar iad
- Déanfar é seo laistigh de 5 lá oibre
- Déanfaidh oifigeach nach bhfuil páir teach san eachtra an gearán a fhiosrú
- Nuair is féidir eiseoidimid freagra substainteach laistigh de 20 lá oibre.

I gcás go bhfuil an cás chomh casta go dteastaíonn tréimhse níos faide fiosrúcháin ná mar a leagadh amach thuas, tabharfar am eile don ghearánaí agus cuirfear dul chun cinn ar an gcás in iúl dóibh go leanúnach. Má mheastar ansin go ndearna an Roinn botún nó go bhfuil locht uirthi ar aon slí gabhaimid leithscéal leat agus aon bhearta is gá a ghlacadh chun cás dá sórt a chosc a dhéanamh arís.

D'ainneoin na socruithe seo, féadfaidh gearán a dhéanamh chomh maith leis an Ombudsman ag:

Oifig an Ombudsman
18 Sráid Chill Mochargán Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

Teil: 01 639 5600

LoCall: 1890 22 30 30

Facs: 01 639 5674

Ríomhphost: ombudsman@ombudsman.gov.ie

Láithreán Gréasáin: www.ombudsman.gov.ie

Pointí Gníomhartha

- Athbhreithniú a dhéanamh ar nós imeachta reatha gearáin i gcomhair lenár gcustaiméirí de réir mar is cuí
- Gníomh cearraithe nuair is gá a mholadh i gcásanna ar leith
- Rialacha ginearálta, nósanna imeachta agus cleachtas a athbhreithniú nuair is gá
- Staitisticí a choimre a fhoilsiú ar ghearáin a fhaightear i dTuarascáil Bhliantúil na Roinne
- Custaiméirí a chur ar an eolas faoi Nósanna Imeachta um Ghearáin de réir mar is gá

Achomhairc

Ar an dul céanna, córas foirmiúil, dea-fhógartha, inrochtana, trédhearcach agus simplí-le-húsáid le haghaidh achomhairc/athbhreithniú a chothabháil do chustaiméirí atá míshásta le cinní maidir le seirbhísí.

Nósanna Imeachta maidir le Seirbhís Foraoiseachta

Déanann aonad riaracháin na Seirbhíse Foraoiseachta nós imeachta Achomharc sa tSeirbhís Foraoiseachta a láimhseáil. Tá an ceart ag gach custaiméir aon chinneadh a dhéanann an tSeirbhís Foraoiseachta a achomharc má bhíonn tionchar aige ar a dteideal faoi scéimeanna préimhe agus deontais. I gcleachtas, baineann formhór na n-achomharc le hiarratais a dhiúltú ar cheadú plandála nó i gcás go dtabharfar cead do cheantar níos lú na mar a theastaíonn.

Faoi rialacháin chomhshaoil, a tháinig i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2001, rinneadh próiseas comhchomhairle leathan sular ceadaíodh moladh foraoisiú a cheadú i gceantair áirithe iógair ó thaobh an chomhshaoil de. Cuirtear an pobal ar an eolas trí fhógra i bpáipéir áitiúla agus tugtar iarratas dóibh tuairimí a thabhairt ar fhoraoisiú i gceantair ainmnithe mar seo a leanas:

- Ceantar Oidhreachtá Nádúrtha beartaithe, Ceantar Speisialta Caomhnaithe, Ceantair Speisialta Chosanta nó Páirc Náisiúnta
- Ceantar ina mbeidh láithreán seandálaíochta nó áis a úsáideann an pobal go minic
- Ceantar álainn den scoth i bPlean Forbartha Contae nó liostaithe i bhfardal de Thirdreacha Suntasacha

Téitear i gcomhairle go foirmiúil le hÚdarás Áitiúla agus eagraíochtaí comhshaoil freisin faoi iarratais a bhaineann le ceantair den chineál sin. Má chuireann an pobal nó aon cheann de na heagraíochtaí seo i gcoinne moladh plandála, cuirtear a dtuairimí agus a n-agóidí san áireamh i bplé na Seirbhíse Foraoiseachta ar an moladh. Má chiallaíonn cinneadh ar an moladh nach gcoimeádtar tuairimí den sórt sin, insítear dóibh siúd a chuir isteach aighneacht go bhfuil cead acu achomharc a dhéanamh laistigh de 21 lá.

Déanfaidh Aonad Achomharc na Seirbhíse Foraoiseachta déileáil leis na hachomhairc mar seo a leanas:

- Déanfar gach achomharc a tháifead nuair a gheofar iad
- Déanfar é seo laistigh de 5 lá oibre
- Cuirfear an t-achomharc os comhair an Choiste Achomhairc chun é a phlé
- Nuair is féidir eiseoidimid freagra substainteach laistigh de 20 lá oibre.

I gcás go bhfuil an cás chomh casta go dteastaíonn tréimhse níos faide fiosrúcháin ná mar a leagadh amach thuas, tabharfar am eile don ghearánaí agus cuirfear dul chun cinn ar an gcás in iúl dóibh go leanúnach. Moltar níos imeachta achomharc reachtúil a sholáthar do reachtaíocht nua atá á ullmhú.

Faoi láthair tá oifigigh sinsearach ar an gCoiste Achomharc ón gCigireacht agus ó thaobhanna Riaracháin na Seirbhíse Foraoiseachta. Déantar an moladh á athbhreithniú a athscrúdú agus, i bhformhór na gcásanna, tugtar cuairt ar an láthair. Deimhnítear neamhspleáchas agus caighdeán na gcinntí trí oifigigh sinsearacha nach raibh páirteach sa chéad chinneadh imscrúdú agus breithiúnas a dhéanamh ar chásanna achomharc. Féadfaidh úinéir na talún freastal ar an imscrúdú suímh freisin más mian leo.

Ba chóir achomhairc a dhéanamh i scríbhinn, ag leagan amach cúiseanna achomharc maidir le:

Aonad na nAchomharc
An tSeirbhís Foraoiseachta
An Roinn Talmhaíochta & Bia
Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin
Co. Loch Garman

LoCall: 1890 200 223

Féadfaidh custaiméirí freisin muinín a chur in Oifig an Ombudsman mura mbíonn siad sásta le torthaí a ndéileáil le hAonad Achomharc na Seirbhíse Foraoiseachta.

Pointí Gníomhartha

- Custaiméirí a chur ar an eolas faoin nós imeachta achomharc nuair nach dtabharfar cinneadh a thaitneoidh leo
- Nósanna imeachta agus cleachtais ghinearálta a athbhreithniú mar gheall ar thoradh na gcásanna achomharc
- Staitisticí achoimre a fhoilsiú ar achomharc i dTuarascáil Bhliantúil na Roinne



Oifig na nAchomharc Talmhaíochta

Bunaíodh Oifig na nAchomharc Talmhaíochta chun seirbhís achomharc a sholáthar d'fheirmeoirí atá míshásta le cinní na Roinne Talmhaíochta agus Bia maidir lena dteideal faoi scéimeanna áirithe. Is é misean na hOifige seirbhís achomharc atá neamhspleách, inrochtana, cothrom agus tráthúil a chur ar fáil d'iarrthóirí scéime na Roinne Talmhaíochta agus Bia, agus an tseirbhís sin a sheachadadh ar bhealach cúir téiseach agus éifeachtach.

Bunaíodh an Oifig i mí na Bealtaine 2002 mar gheall ar ghealltanas a tugadh sa Chlár um Rathúnas agus Cothroime agus sa Phrótaicail ar Íocaíochtaí Direacha d'Fheirmeoirí. Achtaíodh an reachtaíocht a chuireann an gealltanas seo i bhfeidhm, an tAcht um Achomhairc Talmhaíochta i mí Iúil 2001. Sonraíonn an tAcht seo, mar aon leis na Rialacháin Achomharc Talmhaíochta 2002, feidhmeanna an Stiúrthóra Achomharc talmhaíochta agus na hOifigigh Achomharc, féadfar na cinní a achomharc agus na nósanna imeachta a leanúint i ndáil le hachomhairc den sórt sin. Tá Oifigigh Achomharc go hiomlán neamhspleách agus iad ag comhlíonadh a ndualgas.

Ceann de phríomhghnéithe na hOifige ná ceart achomharcóir éisteacht ó bhéal a fháil nuair a thugann Oifigeach Achomharc an t-achomharcóir agus oifigigh na Roinne le chéile chun dhá thaobh an scéil a éisteacht. Tionóltar éisteachtaí go príobháideach in ionaid timpeall na tíre a oireann don achomharcóir. I gcásanna nach dtionóltar aon éisteacht ó bhéal téann an tOifigeach Achomharc i gcónaí i dteagmháil leis an achomharcóir chun an cás a phlé. I ndiaidh firicí ar fad an cháis a bhreithniú déantar litreacha cuimsitheachta cinní, lena n-áirítear cúiseanna leis an gcinneadh a eisiúint chuig an achomharcóir agus an Roinn. Tá cinní an Oifigigh Achomhairc ina gceangal ar an Roinn.

Déileálann an Oifig le hachomhairc faoi na scéimeanna seo a leanas:

- Scéimeanna Préimh Beostoc (lena n-áirítear Préimh Bó Óg, Préimh Speisialta Mairteola, Préimh Maraíthe, Préimh Leathnaithe agus Préimh Caoirigh)
- Scéim Liúntas Cúiteach do Cheantair faoi Mhíbhuntáiste (ar a tugadh ceanníocaíochtaí roimhe seo)
- Scéim Cúnamh Ceantair (lena n-áirítear an Scéim Cúnamh Arúil)
- Scéim Cosanta Comhshaoil Tuaithe (REPS)
- Scéim um Luath-Scor
- Scéim Orgánach
- Feabhas ar Chaighdeán Sláinteachais Déirí agus Bainistiú Dramhaíola ar Fheirmeacha
- Scéimeanna Malar tacha Fiontar



- Cúnamh Suiteála
- Gnéithe Neamhluachála den Scéim Luachála ar Fheirmeacha do TB agus Imoibreoirí Brúsalóis

Is féidir dul i dteagmháil díreach leis an Oifig ag:
Oifig na nAchomharc Talmhaíochta
Cúirt Chill Dhuinsí
Port Laoise
Co. Laois

LoCall: 1890 671 671

Teil: 0502 67167

Facs: 0502 67177

Riomhphost: appeals.office@agriculture.gov.ie

Láithreán Gréasáin: www.agriappeals.gov.ie

Cosúil leis an Aonad Achomharc Foraoiseachta, is féidir le custaiméirí dul i muinín Oifig an Ombudsman má bhíonn siad míshásta leis an toradh a fhaigheann siad ón Oifig Achomharc Talmhaíochta.

Pointí Gníomhartha

- An Oifig Achomharc Talmhaíochta a chur chun cinn, lena n-áirítear láithreán gréasáin tiomanta a chothú – www.agriappeals.gov.ie
- Scéimeanna agus cinní a thagann faoi chúram na hOifige Achomharc Talmhaíochta a chur in iúl do chustaiméirí chomh maith lena gceart achomharc a dhéanamh leis an Oifig
- Abair le custaiméirí nuair a bheidh cinneadh nach dtaitníonn leo á chur in iúl dóibh go bhfuil ceart acu achomharc a dhéanamh leis an Oifig Achomharc Talmhaíochta agus tabhair faisnéis ar an mbealach chun achomharc a dhéanamh
- Déan athbhreithniú rialta ar na scéimeanna lena mbaineann forálacha an Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001 agus cuir scéimeanna nua isteach nuair a oireann
- Cinntigh go bhfuil eolas ag custaiméirí ar an meicníocht Athbhreithniú/Achomharc, más ann, ar fáil dóibh i ndáil le haon scéim nó seirbhís nach mbaineann leis an Acht agus an bealach a bhfaighidh siad Athbhreithniú/Achomharc den sórt sin
- Foilsigh Tuarascáil Bhliantúil don Aire Talmhaíochta agus Bia

Comhchomhairle agus Measúnú

Cur chuige struchtúrach a chur ar fáil maidir le comhchomhairle a mbaineann brí leis do chustaiméirí agus rannpháirteacht na gcustaiméirí sin ann, maidir le seirbhísí a fhorbairt, a sheachadadh agus a athbhreithniú. Meastóireacht fhiúntach an tseachadta seirbhísí a chinntiú.

Tá struchtúir an-mhaith i bhfeidhm chun dul i gcomhairle le réimse leathan comhlachtaí ionadaíoch, lena n-áirítear eagraíochtaí tionscal, i gcomhthéacs na scéimeanna a fhaigheann tacaíocht ó iocaíochtaí FEOGA, agus i ndáil le forbairt bheartais agus nithe rialacháin. Chomh maith leis sin tá comhchomhairle le hEagraíochta Feirme na gComhpháirtithe Sóisialta i ndáil le spriocanna do sheirbhís a sheachadadh do phríomhscéimeanna íocaíochta na Roinne agus seirbhísí gaolmhara. Déantar é seo trí Choiste Monatóireachta Prótacal, a bunaíodh faoi chathaoirleach neamhspleách nuair a foilsíodh an prótacal maidir le hÍocaíochtaí Direacha d'Fheirmeoirí i mí Iúil 2000.

Tá an próiseas comhchomhairle leathnaithe le gairid chun painéil réigiúnacha taobh amuigh a áireamh ina bhfuil sampla de chustaiméirí agus an fhoireann chuí ón Roinn chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le seirbhís a sheachadadh.

Cuireadh an Plean seo le chéile i ndiaidh roinnt tionscnamh speisialta ina raibh sraith Fócasghrúpaí ar fud na tíre ar a raibh sampla d'fheirmeoirí a thug aiseolas ar a dtairbhí den seirbhís a fuair siad ón Roinn agus na bealaí a bhraith siad a d'fhéadfaí an tseirbhís a fheabhsú.



Pointí Gníomhartha

- Leanúint leis an bPainéal Comhchomhairle Tomhaltóirí a bunaíodh in 2002
- Moltaí ón bPainéal Comhchomhairle Tomhaltóirí a chur i bhfeidhm nuair is féidir
- Leanúint le húsáid a bhaint as Painéil Réigiúnacha eile Custaiméirí/Fócasghrúpaí ó 2005
- Suirbhéanna eile a dhéanamh ar Chustaiméirí Seachtracha nuair is cuí, i ndáil le seirbhís na Roinne
- Faisnéis a thabhairt ar aiseolas ó Phainéil/Fócasghrúpaí, suirbhéanna etc. i dTuarascáil Bhliantúil na Roinne
- A chinntiú go bhfuil Cárta Tuairimí ar Sheirbhís do Chustaiméirí ar fáil don phobal i ngach oifig dá gcuid i rith an Plean seo
- A chinntiú go gcuirfidh torthaí faighte ón gcomhchomhairle forbairt bheartais ar an eolas maidir le saincheisteanna ar sheachadadh seirbhíse

Rogha

Rogha a chur ar fáil, nuair is féidir, i leith seachadadh seirbhísí, lena n-áirítear modhanna íocaíochta, suíomh na bpointí teagmhála, uaireanta oscailte agus amanna seachadta. Teicneolaíocht a bheidh ar fáil agus a bheidh ag teacht chun cinn a úsáid chun an t-uasleibhéal rochtana agus roghanna agus caighdeán an tseachadta a chinntiú.

Leanfaidh an Roinn le scrúdú a dhéanamh ar bhealaí inar féidir an rogha ar fáil do chustaiméirí a bhaineann úsáid as ár seirbhísí a fheabhsú. Úsáidfidh sí teicneolaíocht nua, nuair is féidir chun seachadadh seirbhíse a fheabhsú.

Pointí Gníomhartha

- An rogha is mó a thabhairt do chustaiméirí a bhaineann leas as ár seirbhísí (e.g. forbairtí ICT in Aistriú Leictreonach Airgid, íocaíochtaí díreacha chuig cuntais bhainc agus teachtaireachtaí téacs SMS)
- Forbairtí i dteicneolaíocht faisnéis agus cumarsáide a úsáid chun éifeachtacht na seirbhísí a fheabhsú – AIM (Córas chun Ainmhithe agus a nGlúaiseacht a Aithint), iMap, AHCS)
- Leanúint lena chinntiú go dtugtar rogha i saincheisteanna a mheasann custaiméirí a bheith féideartha sna próisis chomhchomhairle
- Leanúint le húsáid níos mó a bhaint as córais leictreonacha agus sonraí chun nach mbeidh an oiread foirmeacha le líonadh ag ár gcustaiméirí

- Cinntiú go leanfar le seirbhís ar ardchaighdeán a sheachadadh dóibh siúd nach mbeidh rochtain acu ar an teicneolaíocht seo
- Seirbhísí teilefón a uasghrádú nuair a theastaíonn
- Rochtain ar líne ar dháileadh talún iMAP
- Fógraí téacs Seirbhísí Gearrtheachtaireachtaí (SMS)

Comhionannas Teangacha Oifigiúla

Seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar trí Ghaeilge agus/nó go dátheangach agus custaiméirí a chur ar an eolas maidir leis an gceart atá acu a roghnú go ndéileálfai leo trí cheann amháin nó eile dár dteangacha oifigiúla.

Beimid gníomhach inár n-iarrachtaí a chinntiú go dtabharfar an caighdeán agus an leibhéal céanna seirbhíse dóibh siúd a éilíonn seirbhís trí Ghaeilge. Déanfar na seirbhísí sin trí Ghaeilge a sholáthar de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Pointí Gníomhartha

- Na páirteanna d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 atá infheidhmithe go díreach a chur i bhfeidhm ar an bpointe
- Gach rialachán a dhéanfar amach anseo faoin Acht a chomhlíonadh
- Scéim a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun fáil agus caighdeán na seirbhísí trí Ghaeilge a leathnú (de réir na bhforálacha cuí den Acht)
- A chinntiú go bhfuil dóthain foirne ann chun na seirbhísí nua a sheachadadh ag caighdeán sásúil

Comhordú Níos Fearr

Cur chuige níos comhordaithe agus níos lánpháirtithe a chothú maidir le seirbhísí poiblí a sheachadadh.

